

Coláiste | Aonad Bainistíochta:	Oifig an Leas-Uachtaráin um Rannpháirtíocht Dhomhanda
Scoil | Aonad:	UCD Ar Fud na Cruinne
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair:	**Oifigeach Clár agus Oideachais UCDVO**
Tréimhse an Phoist:	Conradh seasta chun Sos Gairme a chlúdach (Fad measta: thart ar 5 mhí)
Grád:	Oifigeach Riaracháin II
Scála Tuarastail:	€52,519 - €67,129 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár (APOM) - Leibhéal Gairme 4
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	JSF22-02-006
Bainisteoir Líne:	Bainisteoir UCDVO
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	020250
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Natalia McDonagh
Costais Athlonnaithe:	Ní bhaineann
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:	Ní bhaineann
Iarratais agus Dáta Deiridh:	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre:	Níl

Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí dhomhanda na hOllscoile, ag soláthar saincheannaireachta i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, i mac léinn idirnáisiúnta a earcú agus a thacú, i dteacht agus imeacht foirne agus mac léinn agus sna gnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn.

Trí chaidreamh a threisiú le páirtithe leasmhara seachtracha, feidhmíonn UCD Ar Fud na Cruinne sa spás ina n-idirghníomhaíonn an Ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta le chéile. Tacaíonn sí le ceannairí na hOllscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sí le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun seachadadh a chinntiú, agus téann sí i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne agus chomh maith leis sin stiúrann agus bainistíonn sí líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Tá Saorálaithe Thar Lear UCD (UCDVO) lonnaithe laistigh de UCD Ar Fud na Cruinne, agus cuireann sé deiseanna ar fáil do mhic léinn, don fhoireann agus d'iar-mhic léinn páirt a ghlacadh i dtionscnaimh dheonacha agus i dtionscnaimh a bhaineann le saoránacht dhomhanda. Is clár bliana é seo a chuimsíonn ionduchtú agus oiliúint, tacaíocht chun airgead a bhailiú, ceardlanna oideachais maidir le saoránacht dhomhanda, agus tréimhse obair dheonach ceithre seachtaine i gcomhar le comhpháirtithe thar lear — obair a dhéantar go pearsanta nó ar líne. Aithnítear obair dheonach mar chomhpháirt lárnach de thionscnamh soghluaisteachta UCD, agus cuireann sí go gníomhach le héagsúlacht na ndeiseanna chun eispéireas domhanda na mac léinn a shaibhriú. Cuireann UCDVO réimse deiseanna foghlama eile agus imeachtaí ar fáil freisin do phobal níos leithne UCD agus don earnáil dheonach.

Tacaíonn an tOifigeach Clár & Oideachais le Bainisteoir UCDVO i ngníomhaíochtaí laethúla UCDVO, lena n-áirítear an clár a dhearadh agus a sheachadadh, caidrimh straitéiseacha a chothú laistigh de UCD agus níos faide i gcéin,

agus feidhmiú mar an chéad phointe teagmhála thar ceann Bhainisteoir UCDVO de réir mar is gá. Feidhmíonn an tOifigeach Clár agus Oideachais go minic mar phríomhnasc idir páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Sa ról seo, bainistíonn sealbhóir an phoist caidrimh le príomhghrúpaí — ar nós pobal UCD, iar-rannpháirtithe UCDVO, agus comhpháirtithe san earnáil dheonach — Freisin, cothaíonn siad caidrimh chomhoibríocha le comhghleacaithe agus le haonaid eile ar fud na hOllscoile.